

SPURÁN I DTROSC.

Chuaidh triúr fir as an Áird ag iasgach troisg lá. Trathnóna sé a raibh acab dhá throsg ag beirt acab agus trosg amháin ag a bhfear eile. Ní raibh mórán baramhail ag a bhfear do'n trosg. Dubhairt sé le n-a bhean é oscailt agus é bhruth. Nuair a bhí an bhean dhá osgailt "tá cnap eicint anseo" adeir sí céurd a bhí istigh ach spurán agus céurd a bhí shíos sa spurán ach trí shabhairn agus fáinne ab fhiú fiche punt.

Is iomadh duine a fuair rud maith i dtrosg. Tá na troisg a dhul a sluigeadh rud a bith a fheiceas siad.

4/9/32.